2025/1046

28.5.2025

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1046 ÓN gCOIMISIÚN

**an 26 Bealtaine 2025**

**lena n-aithnítear go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil a chuir an tSualainn faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 31(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú eorna, pónairí leathana, síl ráibe, seagail, triteacáil, cruithneachta agus pise buí sa Bhallstát sin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2018/2001 go sábháiltear le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise ionas gur féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin. Chun na críche sin, in Airteagal 29(10) den Treoir sin leagtar síos tairseacha sonracha maidir le laghdú ar astaíochtaí le haghaidh na mbreoslaí sin, agus le hAirteagal 31 rialaítear an bealach a ríomhtar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid na mbreoslaí sin. Agus na ríomhanna sin á ndéanamh, is féidir úsáid a bhaint as na luachanna réamhshocraithe a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. In ionad luachanna réamhshocraithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú amhábhar talmhaíochta, is féidir úsáid a bhaint as luachanna tipiciúla faoi roinnt coinníollacha. Maidir leis na luachanna tipiciúla sin, arb éard atá iontu an meánluach i limistéar sonrach, féadfaidh na Ballstáit nó tríú tíortha iad a thuairisciú don Choimisiún. Ní fhéadfar na luachanna tipiciúla a úsáid ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil siad cruinn.

(2) An 23 Eanáir 2025 chuir an tSualainn faoi bhráid an Choimisiúin an tuarascáil chríochnaitheach ina raibh sonraí chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú eorna, pónairí leathana, síl ráibe, seagail, triteacáil, cruithneachta agus pise buí a tháirgtear de ghnáth i limistéir ar a críoch a aicmítear mar leibhéal 2 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). D'iarr Riocht na Sualainne go n-aithneofaí na sonraí mar shonraí cruinne i gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tuarascáil agus chinn sé go raibh sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú eorna, pónairí leathana, síl ráibe, seagail, triteacáil, cruithneachta agus pise buí a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa tSualainn.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An tuarascáil a chuir an tSualainn faoi bhráid an Choimisiúin an 23 Eanáir 2025 chun aitheantas a fháil ina leith, soláthraítear léi sonraí cruinne chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú eorna, pónairí leathana, síl ráibe, seagail, triteacáil, cruithneachta agus pise buí a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa tSualainn. Leagtar amach achoimre ar shonraí na tuarascála san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidrimh a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

*Airteagal 2*

I gcás ina ndéanfar athrú ar na sonraí sa tuarascáil, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 23 Eanáir 2025, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chruinneas na sonraí agus, dá bhrí sin, don bhunús leis an gCinneadh seo, tabharfaidh an tSualainn fógra don Choimisiún faoi na hathruithe sin láithreach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun cinneadh a dhéanamh cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear sonraí cruinne fós leis an tuarascáil a bhfuil sí aitheanta ina leith.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige an 17 Meitheamh 2030.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú eorna sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona eorna a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | 164 | 20 | 84 | 17 | 0 (*) | 50 | 14 | 349 |
| SE12 | Östra Mellansverige | 174 | 18 | 79 | 7 | 0 (*) | 43 | 12 | 332 |
| SE21 | Småland med öarna | 173 | 24 | 42 | 7 | 0 (*) | 38 | 12 | 296 |
| SE22 | Sydsverige | 151 | 17 | 71 | 3 | 0 (*) | 28 | 9 | 277 |
| SE23 | Västsverige | 175 | 22 | 73 | 11 | 0 (*) | 34 | 10 | 325 |
| SE31 | Norra Mellansverige | 201 | 31 | 60 | 12 | 0 (*) | 47 | 15 | 367 |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | 262 | 45 | 43 | 8 | 0 (*) | 58 | 20 | 434 |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú pónairí leathana sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona pónairí leathana a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE12 | Östra Mellansverige | 99 | 6 | 1 | 9 | 0 (*) | 49 | 21 | 184 |
| SE21 | Småland med öarna | 158 | 21 | 11 | 4 | 0 (*) | 35 | 18 | 247 |
| SE22 | Sydsverige | 91 | 8 | 7 | 4 | 0 (*) | 32 | 17 | 160 |
| SE23 | Västsverige | 94 | 7 | 5 | 20 | 0 | 38 | 19 | 183 |
| SE31 | Norra Mellansverige | 72 | 8 | 6 | 11 | 0 (*) | 48 | 23 | 168 |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú síl ráibe sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona síl ráibe a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | 290 | 33 | 171 | 36 | 0 (*) | 58 | 1 | 588 |
| SE12 | Östra Mellansverige | 295 | 38 | 147 | 14 | 0 (*) | 52 | 1 | 546 |
| SE21 | Småland med öarna | 320 | 43 | 155 | 20 | 0 (*) | 41 | 1 | 580 |
| SE22 | Sydsverige | 325 | 41 | 179 | 5 | 0 (*) | 40 | 1 | 590 |
| SE23 | Västsverige | 335 | 42 | 192 | 39 | 0 (*) | 43 | 1 | 652 |
| SE31 | Norra Mellansverige | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú seagail sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona seagail a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | 111 | 19 | 18 | 2 | 0 (*) | 38 | 8 | 197 |
| SE12 | Östra Mellansverige | 107 | 14 | 49 | 1 | 0 (*) | 32 | 7 | 210 |
| SE21 | Småland med öarna | 129 | 19 | 50 | 7 | 0 (*) | 30 | 8 | 242 |
| SE22 | Sydsverige | 110 | 13 | 59 | 2 | 0 (*) | 24 | 6 | 214 |
| SE23 | Västsverige | 132 | 18 | 67 | 15 | 0 (*) | 29 | 7 | 267 |
| SE31 | Norra Mellansverige | 157 | 20 | 89 | 19 | 0 (*) | 34 | 8 | 328 |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú triteacáil sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona triteacáil a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE12 | Östra Mellansverige | 156 | 21 | 76 | 2 | 0 (*) | 34 | 10 | 298 |
| SE21 | Småland med öarna | 166 | 26 | 61 | 5 | 0 (*) | 31 | 10 | 299 |
| SE22 | Sydsverige | 175 | 25 | 80 | 4 | 0 (*) | 28 | 10 | 322 |
| SE23 | Västsverige | 150 | 22 | 63 | 10 | 0 (*) | 26 | 9 | 280 |
| SE31 | Norra Mellansverige | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú cruithneachta sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona cruithneachta a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | 169 | 21 | 112 | 24 | 0 (*) | 33 | 10 | 368 |
| SE12 | Östra Mellansverige | 150 | 19 | 92 | 9 | 0 (*) | 30 | 9 | 309 |
| SE21 | Småland med öarna | 138 | 19 | 73 | 8 | 0 (*) | 26 | 9 | 272 |
| SE22 | Sydsverige | 141 | 17 | 91 | 2 | 0 (*) | 22 | 7 | 281 |
| SE23 | Västsverige | 166 | 22 | 105 | 22 | 0 (*) | 26 | 8 | 348 |
| SE31 | Norra Mellansverige | 159 | 22 | 90 | 19 | 0 (*) | 31 | 10 | 330 |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.

**Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú pise buí sa tSualainn le haghaidh réigiúin NUTS-2 (kg $CO_2$eq/tona pise buí a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)**

| Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 | | $N_2O$ na hithreach | | Leabaithe | | | Úsáid breosla | Síol | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díreach | Indíreach | Leasachán | Neodrú | Lotnaidicíd | | | |
| SE11 | Stockholm | 72 | 6 | 10 | 9 | 0 (*) | 52 | 23 | 172 |
| SE12 | Östra Mellansverige | 101 | 7 | 3 | 8 | 0 (*) | 46 | 20 | 185 |
| SE21 | Småland med öarna | 113 | 11 | 9 | 2 | 0 (*) | 31 | 17 | 182 |
| SE22 | Sydsverige | 97 | 10 | 7 | 4 | 0 (*) | 30 | 16 | 165 |
| SE23 | Västsverige | 102 | 9 | 6 | 20 | 0 (*) | 38 | 20 | 194 |
| SE31 | Norra Mellansverige | 68 | 6 | 9 | 12 | 0 (*) | 53 | 27 | 174 |
| SE32 | Mellersta Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |
| SE33 | Övre Norrland | - | - | - | - | - | - | - | - |

(*) Tá astaíochtaí lotnaidicíde leabaithe in astaíochtaí leasacháin.



ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1046/oj